# Vóta 14 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 14, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**Barry Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
30 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 14: Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
10 Lúnasa 2012

# Vóta 14 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
## Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | 2011 Soláthar don mheastachán | 2011 Caiteachas | 2010 Caiteachas |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | |
| A.1. Tuarastail, pá agus liúntais | 13,717 | 13,230 | 12,928 |
| A.2. Taisteal agus cothú | 119 | 101 | 97 |
| A.3. Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,115 | 850 | 937 |
| A.4. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 294 | 241 | 270 |
| A.5. Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 917 | 438 | 494 |
| A.6. Costais áitreabh oifige | 820 | 509 | 523 |
| A.7. Seirbhísí comhlairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 40 | 25 | — |
| **Seirbhísí eile** | | | |
| B. Táillí d'abhcóidí | 14,000 | 13,501 | 14,734 |
| C. Costais dlí ghinearálta | 6,500 | 2,622 | 6,079 |
| D. Seirbhís aturnaetha stáit áitiúla | 6,355 | 6,303 | 6,322 |
| **Olliomlán** | **43,877** | **37,820** | **42,384** |
| **Bain de** | | | |
| E. **Leithreasaí-i-gcabhair** | **614** | **1,043** | **1,031** |
| **An glan - iomlán** | **43,263** | **36,777** | **41,353** |
| **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€6,485,688** | **€1,887,211** |

# Nótaí don Chuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas Chostas Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 15,394 | 15,249 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus cláir | | | 22,426 | 27,135 |
| **Toradh glan** | | | 37,820 | 42,384 |
| Bain de | | | | |
| **Leithghabhálacha-i-gcabhair** | | | 1,043 | 1,031 |
| **An glan - iomlán** | | | 36,777 | 41,353 |
| | | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | | (86) | | |
| Dímheas | | 551 | | |
| Calliúint ar diúscairti | | 1 | 466 | 511 |
| | | | | |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú i bhfabhruithe deiridh | | (2,644) | | |
| Laghdú i stoc | | 16 | | |
| | | | (2,628) | (1,294) |
| **Caiteachas díreach** | | | 34,615 | 40,570 |
| | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | **1.1** | | 3,451 | 3,777 |
| Cíosanna barúlacha | | | 240 | 360 |
| **Costas oibriúcháin** | | | **38,306** | **44,707** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an caiteachas glan ar Sheirbhísí Gaolta déanta suas de na méid eanna measta seo a leanas á iompar ag Vótaí eile maidir leis Vóta 14.

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 6 | Oifig an Aire Airgeadais | 98 | — |
| 7 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,400 | 1,418 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poibli | 1,765 | 2,153 |
| 20 | Garda Síochána | 188 | 206 |
| | | **3,451** | **3,777** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | **2.1** | 1,120 | 1,592 |
| | | **1,120** | **1,592** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | **2.2** | 785 | 957 |
| Stoc | **2.3** | 77 | 93 |
| Réamhíocaíochtaí | | 122 | 163 |
| Iarmhéideanna dochair eile | **2.4** | 160 | 172 |
| Glandliteanas ón Státchiste | **2.6** | 37 | (46) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,181** | **1,339** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 3,021 | 5,712 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | | 982 | 1,083 |
| **Glandliteanais reatha** | | **4,003** | **6,795** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(2,822)** | **(5,456)** |
| **Glanditeanais** | | **(1,702)** | **(3,864)** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **(1,702)** | **(3,864)** |

## 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige innealra eile €000 | Troscán agus feistis €000 | Iomláin €000 |
|---|---|---|---|
| **Ollshócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | 3,690 | 1,187 | 4,877 |
| Breiseanna | 61 | 19 | 80 |
| Diúscairtí | (82) | (10) | (92) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | 3,669 | 1,196 | 4,865 |
| **Dímheas carntha:** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | 2,664 | 621 | 3,285 |
| Dímheas don bhliain | 456 | 95 | 551 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (82) | (9) | (91) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011 | 3,038 | 707 | 3,745 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **631** | **489** | **1,120** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | **1,026** | **566** | **1,592** |

## 2.2 Bainc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid an phámhástir ghinearálta agus airgead tirim | 785 | 1,077 |
| Orduithe íochaíochta gan íoc | — | (120) |
| | 785 | 957 |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 49 | 47 |
| Ábhar inchaite teicneolaíochta faisneíse | 28 | 46 |
| | 77 | 93 |

## 2.4 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna inghnóthaithe | 160 | 172 |

## 2.5 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Suim atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 453 | 350 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 120 | 141 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 301 | 254 |
| Cáin Bhreisluacha | 23 | 25 |
| | 897 | 770 |
| Aisbhaintí ó thuarastail atá i gcuntais fionraí | 85 | 124 |
| Míreanna creidmheasa fionraí eile | — | 189 |
| | 982 | 1,083 |

## 2.6 Glandliteanas ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farrasbar le tabhairt suas | 6,486 | 1,887 |
| Deontas an státchiste nár tarraingíodh | (6,523) | (1,841) |
| Glandliteanas ón Státchiste | (37) | 46 |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 785 | 957 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 160 | 172 |
| | 945 | 1,129 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (897) | (770) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (85) | (313) |
| | (982) | (1,083) |
| | (37) | 46 |

## 2.7 Ceangaltais

Cé nach raibh aon tiomantas ag an Oifig i leith táillí dlí ag deireadh na bliana, níl siad san áireamh mar go mbeadh sé an-deacair na suimeanna atá i gceist a mheas go cruinn de bharr neamhchinnteachtaí bunúsacha agus stádas na gcásanna nach bhfuil socraithe.

## 3 Difrochta Idir An Toradh agus an Soláthar Sa Mheastachán

Tugtar míniú thíos ar gach fomhír caiteachais a raibh difríocht idir an toradh air agus an méid a cuireadh ar fáil dó de bhreis ar €100,000 agus de bhreis ar 5% (25% i gcás fotheidil riaracháin).

| Fo-theideal | Níos lú /(níos mó) ná soláthartha<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.5. | 479 | Níor theastaigh soláthar de €410,000 d’aistriú áitribh oifige go Bóthar na hOtharlainne ós rud é nár cuireadh an t-aistriú i gcrích i 2011. Fágadh as an áireamh freisin caiteachas neamhriachtanach ar fud raon ceannteideal costais mar fhreagra ar na tosca eacnamaíochta reatha. |
| A.6. | 311 | Níor theastaigh soláthar de €270,000 don aistriú go Bóthar na hOtharlainne ós rud é nár cuireadh an t-aistriú i gcrích i 2011. Rinneadh coigilteas i dtaca le téamh agus le glantóireacht freisin. |
| C. | 3,878 | Íocadh líon níos lú cásanna agus bhí na figiúirí aonair socraithe níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |

## 4 Fáltais

| Leithreasaí-i-gcabhair | 2011 Meastachán €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Fáltais ilghnéitheacha | 15 | 170 | 186 |
| 2. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí | 599 | 873 | 845 |
| **Iomlán** | 614 | 1,043 | 1,031 |

**Míniú ar Dhifríochtaí**

Tá míniú tugtha thíos maidir le gach fo-cheannteideal ina raibh an toradh éagsúil ón suim mheasta de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%.

| Fotheideal | Níos lú /(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 1. | (155) | Eascraíonn na fáltais seo nuair a dheonaíonn na cúirteanna costais i bhfabhar an stiúrthóra in ionchúisimh sláinte agus sábháilteachta, i gceisteanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus d’iarratais eile a bhaineann le himeachtaí dlí. Soláthraíodh suim ainmniúil de €15,000 sa mheastachán ós rud é go bhfuil sé deacair na fáltais seo a mheas. |
| 2. | (274) | Bunaíodh meastachán 2011, a ullmhaíodh i 2010, ar mheastachán 2009. Níor fheidhmigh an tobhach ach ar feadh deich mí i 2009, áfach. Dá thairbhe sin, bhí na fáltais iarbhíre níos airde ná mar a measadh. |

### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha don Státchiste

Íocadh méid iomlán de €4,450  maidir le forghéilltí a bhí ordaíodh ag na cuirteanna.

## 5 Líon Foirne agus Pá

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana** | 196 | 191 |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 12,144 | 11,934 |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 202 | 167 |
| Ragobair | 1 | 1 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 883 | 826 |
| **Pá iomlán** | **13,230** | **12,928** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó mó | Uasíocaíocht aonair<br>2011<br>€ | Uasíocaíocht aonair<br>2010<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 70 | 7 | 51,664 | 50,685 |
| Ragobair agus tinreamh sa bhreis | 3 | — | 269 | 269 |

**Nóta:** Fuair daoine aonracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

### 5.2 Socruithe Luach Saothair Eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €264,801 i leith beirt oifigeach a bhí ag freastal taobh amuigh den oifig do 2011 ar fad nó cuid de agus ar íocadh a gcuid tuarastal as fo-cheannteideal A.1.